BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Ceathrú Dlísheomra, Comhdhéanamh Méadaithe)

29 Eanáir 2025*

(Caingean le haghaidh neamhniú – Státchabhair – Earnáil an phoist – Ranníocaíocht chaipitil i bhfabhar Post Danmark – Cinneadh lena ndearbhaítear nach bhfuil Státchabhair i gceist – Ranníocaíocht chaipitil i bhfabhar PostNord – Cinneadh lena ndearbhaítear nach bhfuil an chabhair ag luí leis an margadh inmheánach – Easpa cúraim aonair – Easpa tionchair shubstaintigh ar sheasamh iomaíoch – Do-ghlacthacht)

I gCás T-334/22,

Danske Fragtmænd A/S, a bunaíodh in Åbyhøj (an Danmhairg), dá ndéanann L. Sandberg-Mørch ionadaíocht, Dlíodóir,

iarratasóir,

le cúnamh ó

UPS Europe NV/SA, a bunaíodh sa Bhruiséil (an Bheilg),

agus

Dansk Avis Omdeling A/S, a bunaíodh in Vejle (an Danmhairg),

dá ndéanann Sandberg-Mørch ionadaíocht,

idiragraithe,

v

An Coimisiún Eorpach, dá ndéanann J. Carpi Badía agus L. Nicolae, ionadaíocht, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

le cúnamh ó

Ríocht na Danmhairge, dá ndéanann C. Maertens, i gcáil Gníomhaire, agus R. Holdgaard ionadaíocht, Dlíodóir,

* Teanga an cháis: an Béarla.

ag

Ríocht na Sualainne, dá ndéanann C. Meyer-Seitz, F.-L. Göransson, H. Eklinder agus R. Shahsavan Eriksson, ionadaíocht, i gcáil Gníomhairí,

agus ag

Post Danmark A/S, a bunaíodh i gCóbanhávan (an Danmhairg),

PostNord Group AB, a bunaíodh in Solna (an tSualainn),

dá ndéanann O. Koktvedgaard ionadaíocht, Dlíodóir,

idiragraithe,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Ceathrú Dlísheomra, Comhdhéanamh Méadaithe),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: S. Papasavvas, Uachtarán, R. da Silva Passos (Rapóirtéir), N. Półtorak, I. Reine agus T. Pynnä, Breithiúna,

Cláraitheoir: A. Marghelis, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

i dtaca le héisteacht an 20 Meán Fómhair 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Cinneadh (AE) 2022/459 ón gCoimisiún an 10 Meán Fómhair 2021 maidir leis an Státchabhair SA.49668 (2019/C) (ex 2017/FC) agus SA.53403 (2019/C) (ex 2017/FC) arna chur chun feidhme ag an Danmhairg agus ag an tSualainn do PostNord AB agus Post Danmark A/S (IO 2022 L 93, lch. 146) (‘an cinneadh atá faoi chonspóid’) ar neamhní.

Cúlra na díospóide

2 Is cuideachta atá corpraithe faoi dhlí na Danmhairge é an t-iarratasóir atá gníomhach, go háirithe, ar mhargadh na Danmhairge um iompar earraí de bhóthar agus um sheirbhísí dáilte beartán.

3 Is cuideachta é PostNord AB arb é a phríomhghníomhaíocht post a dháileadh. Tá sé gníomhach den chuid is mó ar mhargaí na Sualainne, na Danmhairge, na hIorua agus na Fionlainne le haghaidh seirbhísí poist. Tá 40 % de scairchaipiteal PostNord faoi úinéireacht Ríocht na Danmhairge agus tá an 60 % eile faoi úinéireacht Ríocht na Sualainne. Tá 50 % de na cearta vótála ag gach ceann den dá Stát is scairshealbhóir. Tá PostNord Group AB faoi úinéireacht iomlán PostNord.

4 Is fochuideachta ar lánúinéireacht PostNord Group é Post Danmark A/S a oibríonn ar mhargadh seirbhísí poist na Danmhairge agus thar lear. Ó léirscaoileadh mhargadh poist na Danmhairge in 2011, d'oibrigh Post Danmark i lániomaíocht leis na hoibreoirí poist eile.

5 Mar gheall ar threochtaí digitithe sa chomhfhreagras go háirithe, tháinig laghdú 55 % ar ioncam Post Danmark idir 2009 agus 2019. Ó 2012 i leith, tá caillteanais taifeadta ag an gcuideachta.

6 An 20 Deireadh Fómhair 2017, thug Ríocht na Danmhairge agus Ríocht na Sualainne comhaontú déthaobhach i gcrích dar teideal 'Comhaontú idir Ríocht na Sualainne agus Ríocht na Danmhairge maidir le [PostNord]' ('Comhaontú Dheireadh Fómhair 2017'). Tugtar tuairisc sa chomhaontú sin ar roinnt beart i bhfabhar PostNord agus Post Danmark chun freagairt do dhúshláin an digitithe sa Danmhairg agus chun samhail táirgeachta nua arna forbairt ag Bord Stiúrthóirí PostNord a chur chun feidhme. De réir an chomhaontaithe sin, bhí an tsamhail nua táirgeachta le maoiniú, go háirithe, trí dhá instealladh caipitil i bhfabhar PostNord, arna ndeonú ag Ríocht na Danmhairge agus ag Ríocht na Sualainne, agus trí ranníocaíocht inmheánach a rinne PostNord Group le Post Danmark.

7 Rinne Ríocht na Danmhairge agus Ríocht na Sualainne caipiteal a instealladh, ar leithligh, in PostNord i méid 267 milliún kronor na Sualainne (SEK) (thart ar EUR 23.1 milliún) agus SEK 400 milliún (thart ar EUR 34.6 milliún), faoi seach, chuir PostNord Group caipiteal instealladh isteach in Post Danmark i méid 2.339 billiún kronor na Danmhairge (DKK) (thart ar EUR 313.6 milliún) (le chéile, 'na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017').

8 An 27 Samhain 2017, thaisc comhlachas trádála a dhéanann ionadaíocht ar chuideachtaí atá corpraithe faoi dhlí na Danmhairge agus atá gníomhach in earnáil an iompair de bhóthar agus na lóistíochta sa Danmhairg (Brancheorganisation for den danske vejgodstransporte – ITD) gearán leis an gCoimisiún Eorpach inar líomhnaíodh, trí bhíthin roinnt beart a rinneadh roimhe seo nó a dhéanfar amach anseo, gur dheonaigh nó go ndeonódh údaráis na Danmhairge agus na Sualainne Státchabhair neamhdhleathach do Post Danmark. Áiríodh ar na bearta sin na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017.

9 An 14 Meitheamh 2019, chinn an Coimisiún an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil dá bhforáiltear in Airteagal 108(2) CFAE a thionscnamh i ndáil leis na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017.

10 An 10 Meán Fómhair 2021, tar éis an nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil, ghlac an Coimisiún an cinneadh atá faoi chonspóid. Sa chinneadh sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur trí bheart ar leith a bhí sna hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017, a raibh measúnú le déanamh orthu ar leithligh. Bhí an Coimisiún den tuairim nach raibh deonú buntáiste i gceist leis an instealladh caipitil ó PostNord Group go Post Danmark agus, dá bhrí sin, nár Státchabhair a bhí sa bheart sin. Os a choinne sin, dhearbhaigh sí gur státchabhair neamhdhleathach nach raibh ag luí leis an margadh inmheánach a bhí sna hinstealltaí caipitil ó Ríocht na Danmhairge agus ó Ríocht na Sualainne go PostNord agus d'ordaigh sí é a aisghabháil ó PostNord.

An t-ordú atá á lorg

11 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– a ordú don Choimisiún, do Ríocht na Sualainne agus do Ríocht na Danmhairge na costais a íoc.

12 Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhíbhe;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

13 Áitíonn Ríocht na Danmhairge agus Ríocht na Sualainne gur chóir don Chúirt Bhreithiúnais an chaingean a dhíbhe.

14 Maíonn Post Danmark agus PostNord Group gur cheart don Chúirt an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an chaingean a dhíbhe;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

15 Áitíonn UPS Europe NV/SA gur cheart don Chúirt an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

16 Níor thaisc Dansk avis Omdeling A/S ráiteas idirghabhála.

An dlí lena mbaineann

17 Áitíonn an Coimisiún, le tacaíocht ó Ríocht na Danmhairge, ó Ríocht na Sualainne, ó Post Danmark agus ó PostNord Group, go bhfuil an chaingean do-ghlactha ar an bhforas nach bhfuil seasamh ag an iarratasóir chun imeachtaí a thionscnamh. Go háirithe, níor léirigh an t-iarratasóir go raibh tionchar suntasach ag na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017 ar a sheasamh ar an margadh.

18 Áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil seasamh aige chun imeachtaí a thionscnamh. Rinne na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017 difear suntasach dá sheasamh iomaíoch ar mhargadh na seirbhísí poist sa Danmhairg agus sna tíortha Nordacha. Chuir siad ar a chumas do Post Danmark dá réir sin ‘a phraghsanna a dhumpáil faoi bhun aon leibhéal iomaíoch’. Maíonn an t-iarratasóir gur scaoileadh líon suntasach custaiméirí leis na hinstealltaí caipitil sin agus, dá bhrí sin, gur tháinig laghdú 30 % ar a sciar den mhargadh, rud a mhaíonn sé a bheith cruthaithe aige.

19 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go bhféadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, faoin gceathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa chéad mhír agus sa dara mír, imeachtaí a thionscnamh in aghaidh gníomh a díríodh chuig an duine sin nó gníomh is dá chúram nó dá cúram go díreach agus go leithleach, agus in aghaidh gníomh rialúcháin is dá chúram nó dá cúram go díreach agus nach bhfuil bearta cur chun feidhme ag gabháil leis.

20 Sa chás seo, ar an gcéad dul síos, mar is léir ó Airteagal 7 den chinneadh atá faoi chonspóid, dírítear an cinneadh sin chuig Ríocht na Danmhairge agus Ríocht na Sualainne amháin, agus ní chuig an iarratasóir. Dá bhrí sin, ní féidir a dhearbhú go bhfuil an chaingean seo inghlactha faoin gcéad chuid den cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE.

21 Ar an dara dul síos, is instealltaí aonair iad na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017. Dá bhrí sin, ní féidir an cinneadh atá faoi chonspóid a aicmiú mar ghníomh rialála de réir bhrí an tríú habairt den cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE (féach, chuige sin, ordú an 10 Deireadh Fómhair 2017, *Greenpeace Energy* v *an Coimisiún*, C-640/16 P, nár foilsíodh, EU:C:2017:752, mír 26, agus breithiúnas an 3 Nollaig 2014, *Castelnou Energía* v *an Coimisiún*, T-57/11, EU:T:2014:1021, mír 23). Dá bhrí sin, ní féidir a dhearbhú go bhfuil an chaingean seo inghlactha ar an mbonn sin.

22 Dá bhrí sin, níl an chaingean seo le haghaidh neamhniú inghlactha ach amháin má tá baint dhíreach agus leithleach ag an iarratasóir leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, i gcomhréir leis an dara cuid den cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, agus an dá choinníoll sin carnach.

23 Sa chás seo, measann an Chúirt gurb iomchuí tús a chur leis sin trí scrúdú a dhéanamh ar an mbail atá ar chúram an duine aonair.

24 De réir cásdlí socair, ní féidir le daoine seachas na daoine a ndírítear cinneadh chucu a éileamh go mbaineann an cinneadh sin leo ach amháin má dhéantar difear dóibh mar gheall ar an gcinneadh sin de bharr tréithe áirithe atá sainiúil dóibh nó de bharr cúinsí nach mbaineann le duine ar bith eile, agus mar thoradh ar na fachtóirí seo déantar iad a idirdhealú ar an dóigh chéanna leis na daoine ar a bhfuil an cinneadh dírithe chucu (féach breithiúnas an 22 Samhain 2007, *Sniace* v *an Coimisiún*, C-260/05 P, EU:C:2007:700, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

25 A mhéid a bhaineann go sonrach le réimse na Státchabhrach, ní mór d'iarratasóir atá ag agóid i gcoinne fiúntas cinnidh lena ndéantar breithmheas ar an gcabhair a rinneadh ag deireadh an nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil a léiriú go bhfuil stádas ar leith aige, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 24 thuas. Tá feidhm aige sin go háirithe i gcás ina ndéanann an chabhair lena mbaineann an cinneadh atá faoi chonspóid difear suntasach do sheasamh an iarratasóra sa mhargadh lena mbaineann (féach breithiúnas an 15 Iúil 2021, *Deutsche Lufthansa* v *an Coimisiún*, C-453/19 P, EU:C:2021:608, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

26 Ní eascraíonn an éifeacht dhíobhálach shubstaintiúil ar staid iomaíochta an iarratasóra ar an margadh atá i gceist as anailís mhionsonraithe ar na caidrimh iomaíocha éagsúla ar an margadh sin, rud a fhágann gur féidir méid na héifeachta díobhálaí ar a staid iomaíochta a shuíomh go sonrach, ach, i bprionsabal, as cinneadh *prima facie* go n-eascraíonn éifeacht dhíobhálach shubstaintiúil ar an staid sin as deonú an bhirt a chumhdaítear le cinneadh an Choimisiúin (breithiúnas an 15 Iúil 2021, *Deutsche Lufthansa* v *an Coimisiún*, C-453/19 P, EU:C:2021:608, mír 58).

27 Dá bhrí sin, is féidir an coinníoll sin a chomhlíonadh i gcás ina dtugann an t-iarratasóir fianaise ar aird go bhféadfadh éifeacht dhíobhálach shubstaintiúil a bheith ag an mbeart atá i gceist ar a sheasamh sa mhargadh lena mbaineann (féach breithiúnas an 15 Iúil 2021, *Deutsche Lufthansa* v *an Coimisiún*, C-453/19 P, EU:C:2021:608, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 I ndáil le tionchar suntasach ar an seasamh ar an margadh atá i gceist a chinneadh, ní mór a mheabhrú, ar thaobh amháin, nach leor díreach go bhféadfadh gníomh tionchar a imirt ar na caidrimh iomaíocha atá ann cheana ar an margadh ábhartha, agus go raibh an gnóthas lena mbaineann i gcaidreamh iomaíoch le tairbhí an ghnímh sin in aon chás chun go measfaí go mbaineann an gníomh sin go leithleach leis an ngnóthas sin. Dá bhrí sin, ní féidir le gnóthas brath go hiomlán ar a stádas mar iomaitheoir de chuid an ghnóthais a fhaigheann cabhair (féach breithiúnas an 15 Iúil 2021, *Deutsche Lufthansa* v *an Coimisiún*, C-453/19 P, EU:C:2021:608, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 Ar an taobh eile, ní mór a mheabhrú nach féidir le drochthionchar substaintiúil ar sheasamh iomaitheora ar an margadh a léiriú ach tosca áirithe a bheith ann a léiríonn laghdú ar fheidhmíocht tráchtála nó airgeadais an iarratasóra, amhail laghdú suntasach ar láimhdeachas, caillteanais shuntasacha airgeadais nó laghdú suntasach ar sciar den mhargadh tar éis dheonú na cabhrach atá i gceist. Is féidir le deonú Státchabhrach dochar a dhéanamh freisin do staid iomaíochta oibreora ar bhealaí eile, go háirithe trí chailleadh deise brabús a dhéanamh nó forbairt nach bhfuil chomh fabhrach agus a bheadh gan cabhair den sórt sin (féach breithiúnas an 15 Iúil 2021, *Deutsche Lufthansa* v *an Coimisiún*, C-453/19 P, EU:C:2021:608, mír 61 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Is i bhfianaise na bprionsabal sin nach mór a scrúdú ar léirigh an t-iarratasóir, a bhfuil an dualgas cruthúnais air mar a luaitear i mír 27 den bhreithiúnas seo, go mbaineann an cinneadh atá faoi chonspóid go leithleach leis.

31 Chun críocha scrúdú a dhéanamh ar léirigh an t-iarratasóir go mbaineann an cinneadh atá faoi chonspóid go leithleach leis, ní mór a thabhairt faoi deara, dar leis an iarratasóir, ar thaobh amháin, gur deonaíodh na hinstealltaí caipitil go léir dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017 do Post Danmark an 20 Deireadh Fómhair 2017 agus, ar an taobh eile, go bhfuil sé i gcaidreamh iomaíoch le Post Danmark.

32 Ós amhlaidh atá, sa chéad áit, maidir le ról an iarratasóra sa nós imeachta riaracháin os comhair an Choimisiúin, áitíonn an t-iarratasóir, mar is ceart, go raibh ról gníomhach aige. Chuir an t-iarratasóir barúlacha isteach i gcomhthéacs an imscrúdaithe fhoirmiúil mar pháirtí leasmhar. Mar sin féin, in aon chás, ní féidir a thuiscint ó rannpháirtíocht an iarratasóra sa nós imeachta riaracháin amháin go mbaineann an cinneadh atá faoi chonspóid go leithleach leis, fiú má bhí ról tábhachtach aige sa nós imeachta riaracháin sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Aibreán 2019, *Deutsche Lufthansa* v *an Coimisiún*, T-492/15, EU:T:2019:252, mír 143 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Sa dara háit, a mhéid a bhaineann leis an éifeacht shubstaintiúil ar a shuíomh margaidh, mar a luaitear i mír 18 thuas, maíonn an t-iarratasóir gur chaill sé líon suntasach custaiméirí agus thart ar 30 % dá sciar den mhargadh mar gheall ar '[dhumpáil] a phraghsanna faoi bhun aon leibhéal iomaíoch' ag Post Danmark a bhuí leis na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017. Ag céim an fhreagra, mhaígh an t-iarratasóir freisin gur tháinig athrú ar iompar custaiméirí mar thoradh ar dheonú na n-instealltaí caipitil atá i gceist, custaiméirí a

chinn gan a sheirbhísí a úsáid a thuilleadh. Dá bhrí sin, maíonn an t-iarratasóir gur chaill sé custaiméirí d'iomaitheoirí éagsúla sular deonaíodh na hinstealltaí caipitil sin, ach, tar éis na hinstealltaí sin a dheonú, chaill sé custaiméirí beagnach go heisiach do Post Danmark.

34 Mar thaca lena argóint, chuir an t-iarratasóir trí liosta custaiméirí ar fáil a líomhnaítear gur fhág siad é do PostNord idir Eanáir 2016 agus Samhain 2021. Dar leis, trí aistriú chuig PostNord, bhain na custaiméirí sin úsáid go háirithe as na seirbhísí a thairg Post Danmark. Go sonrach, cumhdaíonn an chéad liosta an tréimhse ó mhí Eanáir 2016 go dtí mí Dheireadh Fómhair 2018. Leis an dara liosta, a bhfuil forluí páirteach ann leis an gcéad liosta, cumhdaítear an tréimhse ó mhí Eanáir 2018 go mí an Mheithimh 2019. Ar deireadh, cumhdaíonn an tríú liosta an tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair 2019 go mí na Samhna 2021 ('liostaí na gcustaiméirí a líomhnaítear a cailleadh go PostNord').

35 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara nach mór diúltú do mhaíomh an iarratasóra gur chaill sé thart ar 30 % dá sciar den mhargadh, ós rud é nach dtacaíonn fianaise *prima facie* leis.

36 Ar an dara dul síos, maidir le hargóint an iarratasóra, a forbraíodh ag céim an fhreagra, a bhaineann leis an athrú líomhnaithe ar iompar custaiméirí a chinn gan a sheirbhísí a úsáid a thuilleadh, ba cheart a thabhairt faoi deara go dtagraíonn an t-iarratasóir do liostaí na gcustaiméirí a líomhnaítear a cailleadh do PostNord. Leis an gcéad cheann de na liostaí sin, lena gcumhdaítear go páirteach an tréimhse roimh dheonú na mbeart atá i gceist, sainaithnítear roinnt gnóthas a líomhnaítear gur bhain iarchustaiméirí an iarratasóra úsáid astu, murab ionann agus an dá liosta eile, nach sainaithnítear leo ach PostNord amháin.

37 Mar fhreagra ar bheart eagrúcháin nós imeachta agus ag an éisteacht, d'admhaigh an t-iarratasóir gur cailleadh na custaiméirí go léir a sainaithníodh sa chéad liosta do PostNord freisin, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hainmneacha gnóthas iomaíoch eile, ós rud é gur fochonraitheoirí PostNord iad na gnóthais eile sin i ndáiríre.

38 Dá bhrí sin, i bhfianaise argóint an iarratasóra, ní mór liostaí na gcustaiméirí a líomhnaítear a cailleadh go PostNord a thuiscint mar shainaithint ar na custaiméirí a d'fhág an t-iarratasóir chun aistriú go PostNord nó a fhochonraitheoirí go heisiach. I bhfianaise na hargóinte sin, ní féidir, dá bhrí sin, iad a léiriú mar léiriú ar athrú ar iompar na gcustaiméirí sin tar éis dheonú na mbeart atá i gceist.

39 Dá bhrí sin, in éagmais fianaise eile chun tacú le hargóint an iarratasóra gur chaill sé custaiméirí do roinnt iomaitheoirí sular deonaíodh na bearta atá i gceist, ach, tar éis na bearta sin a dheonú, gur chaill sé custaiméirí go heisiach do PostNord agus go sonrach do Post Danmark, tairbhí líomhnaithe na mbeart sin, ní mór diúltú don argóint sin, gan aon ghá a bheith ann rialú a thabhairt ar a inghlacthacht, rud a chonspóideann an Coimisiún.

40 Ar an tríú dul síos, maidir le hargóint an iarratasóra gur chaill sé líon suntasach custaiméirí go PostNord mar gheall ar dheonú na n-instealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017, ba cheart an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara.

41 Ag glacadh leis gur leor liostaí na gcustaiméirí a líomhnaítear a cailleadh do PostNord chun sochreidteacht, *prima facie*, éifeacht shubstaintiúil ar staid iomaíochta an iarratasóra de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 26 den bhreithiúnas seo a shuí, is gá a mheas ar éirigh leis an

iarratasóir a shuíomh gur dócha go n-eascródh an éifeacht shubstaintiúil sin ar a staid iomaíoch as na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017, i gcomhréir leis an dualgas cruthúnais atá air.

42 Fiú má glacadh leis, ar liostaí na gcustaiméirí a líomhnaítear a cailleadh do PostNord, ar thaobh amháin, gur shainaithin an t-iarratasóir i gceart na custaiméirí a d'fhág é chun aistriú go PostNord agus, ar an taobh eile, gur mheas sé i gceart gur úsáid na custaiméirí sin, go háirithe, na seirbhísí a thairg Post Danmark, tairbhí líomhnaithe na mbeart atá i gceist, nach léiríonn sé, de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá, go bhfuil comhghaol dóchúil idir an caillteanas líomhnaithe custaiméirí go PostNord agus na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017.

43 Ar dtús, is léir ó na sonraí a chuir an t-iarratasóir ar fáil gur chaill sé, do PostNord, 22 chustaiméir in 2016, 26 chustaiméir in 2017, 19 gcustaiméir in 2018, 21 chustaiméir in 2019, 13 chustaiméir in 2020 agus 14 chustaiméir in 2021. Dá bhrí sin, is féidir a thabhairt faoi deara go raibh caillteanas líomhnaithe chustaiméirí an iarratasóra réasúnta cobhsaí idir 2016 agus 2019, d'ainneoin gur deonaíodh na bearta atá i gceist. Ó 2018 ar aghaidh, tá caillteanas líomhnaithe chustaiméirí an iarratasóra i bhfabhar PostNord níos lú fós ná an caillteanas a taifeadadh in 2016. In éagmais mínithe eile lenar féidir, go háirithe, na figiúirí a soláthraíodh a chur i gcomhthéacs, níor léirigh an t-iarratasóir go suitear nasc cúisíoch inchreidte idir an caillteanas líomhnaithe custaiméirí agus na bearta atá i gceist.

44 Ina dhiaidh sin, ní mór a thabhairt faoi deara nár thug an t-iarratasóir fianaise *prima facie* ar aird chun tacú lena argóint gur eascair caillteanas líomhnaithe na gcustaiméirí ar bhealach níos sonraí as praghsanna dumpáilte nó as cleachtas Post Danmark praghsanna a shocrú níos ísle ná a iomaitheoirí a bhuí leis na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017.

45 Ar thaobh amháin, cé gur luaigh an t-iarratasóir ag an éisteacht go ndearna sé gearán le Rialtas na Danmhairge faoi phraghsanna Post Danmark, níor thug sé aon fhianaise ar aird, áfach, chun a thaispeáint gur taisceadh gearán den sórt sin. Níor chuir sé cinneadh ar fáil ach oiread lenar cinneadh go raibh Post Danmark ag dumpáil a phraghsanna nó fiú doiciméad chun a thaispeáint gurb ann do chleachtas den sórt sin.

46 Ar an taobh eile, maidir le hargóint an iarratasóra go léiríonn an fíoras go bhfuair PostNord na custaiméirí a chaill sé ann féin go bhfuil praghsanna dumpáilte ann nó an cleachtas praghsanna a shocrú níos ísle ná praghsanna iomaitheoirí, is leor a mheabhrú, mar a tugadh faoi deara i mír 43 den bhreithiúnas seo, go raibh caillteanas líomhnaithe custaiméirí an iarratasóra do PostNord réasúnta cobhsaí sular deonaíodh na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017 agus ina dhiaidh sin.

47 Ina theannta sin, is gá diúltú d'argóint an iarratasóra gur leor líon mór custaiméirí a chailleadh do PostNord chun an nasc cúisíoch idir an caillteanas custaiméirí sin agus na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017 a shuí. Mar thaca leis an argóint sin, maíonn an t-iarratasóir breithiúnas an 12 Nollaig 2006, *Asociación de Estaciones de Servicio de Madrid agus Federación Catalana de Estaciones de Servicio* v *an Coimisiún* (T-146/03, nár foilsíodh, EU:T:2006:386). Is fíor, sa bhreithiúnas sin, gur chinn an Chúirt go ndearnadh difear do staid iomaíochta chomhaltaí na n-iarratasóirí toisc gur chuir duine acu caillteanas custaiméirí ar aghaidh i leith 52 stáisiún gáis, a chuir tairbhithe na mbeart sin ar fáil ó tháinig na bearta atá faoi chonspóid i bhfeidhm. Ar thaobh amháin, áfach, ní léir ón mbreithiúnas sin, mar is amhlaidh sa

chás seo, go raibh an líon custaiméirí a cailleadh do thairbhithe na mbeart atá i gceist sách comhchosúil sular deonaíodh na bearta sin agus ina dhiaidh sin. Ar an taobh eile, i gcinntí níos déanaí, inar bhraith an t-iarratasóir ar chaillteanas custaiméirí i bhfabhar thairbhí an bhirt atá i gceist, chinn an Chúirt nár chuir an t-iarratasóir aon fhaisnéis ar fáil lenar féidir a mheas gur tharla an caillteanas sin mar thoradh ar an mbeart sin (breithiúnas an 12 Meitheamh 2014, *Sarc* v *an Coimisiún*, T-488/11, nár foilsíodh, EU:T:2014:497, mír 54; orduithe an 11 Aibreán 2018, *Abes* v an *Coimisiún*, T-813/16, nár foilsíodh, EU:T:2018:189, mír 59, agus an 17 Bealtaine 2019, *Deutsche Lufthansa* v *an Coimisiún*, T-764/15, nár foilsíodh, EU:T:2019:349, mír 134). Dá bhrí sin, i bhfianaise na gcinntí is déanaí sin, ní mór a mheas nach leor caillteanas custaiméirí i bhfabhar PostNord amháin chun a shuíomh gur dócha go mbeidh comhghaol ann idir an caillteanas sin agus na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017.

48 Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an caillteanas líomhnaithe custaiméirí a chur i leith fachtóirí eile a tharla in 2018. Go deimhin, is léir ó dhoiciméad inmheánach an iarratasóra dar teideal ‘Tuarascáil Bhainistíochta/Tuarascáil Bhliantúil 2019’, arna tháirgeadh ag Post Danmark agus PostNord Group, go bhféadfaí caillteanas na gcustaiméirí a d’fhulaing an t-iarratasóir in 2018 a mhíniú le dhá fhachtóir, eadhon formhuirear acmhainneachta a bheith á thabhairt isteach ag an iarratasóir agus cáilíocht mhíshásúil a sheirbhíse seachadta beartán. Is fíor go gcaitheann an t-iarratasóir amhras, ar thaobh amháin, ar ábharthacht an doiciméid inmheánaigh sin agus, ar an taobh eile, go luann sé gur tháinig feabhas ar cháilíocht a sheirbhísí beartseachadta in 2019. Mar sin féin, ní dhíospóideann an t-iarratasóir gur thug sé isteach formhuirear acmhainneachta ná cáilíocht mhíshásúil a sheirbhísí seachadta beartán in 2018, tosca dá dtagraítear ina dhoiciméad inmheánach féin.

49 Dá bhrí sin, a mhéid atá tosca seachas na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017 in ann an caillteanas líomhnaithe custaiméirí a mhíniú, ba faoin iarratasóir, ar a bhfuil an dualgas cruthúnais dá dtagraítear i mír 27 den bhreithiúnas seo, fianaise a thabhairt ar aird chun a shuí, go háirithe, d’ainneoin na dtosca eile sin dá dtagraítear i mír 48 den bhreithiúnas seo, gur dócha go n-eascródh an éifeacht shubstaintiúil ar a staid iomaíoch as na hinstealltaí caipitil sin. Ní mór a lua, áfach, nár thug an t-iarratasóir aon fhianaise den sórt sin ar aird.

50 Ar deireadh, ag an éisteacht, luaigh Post Danmark agus PostNord Group go raibh an laghdú ar an láimhdeachas a thaifead an t-iarratasóir idir 2018 agus 2019 níos lú ná 3 %, rud nár léirigh an caillteanas líomhnaithe 30 % den sciar den mhargadh a d’eascair as na bearta atá i gceist. Níor chuir an t-iarratasóir ina choinne nár tháinig ach laghdú níos lú ná 3 % ar a láimhdeachas idir 2018 agus 2019. Thairis sin, is léir an figiúr sin ón doiciméad a chuir sé féin ar fáil le linn na n-imeachtaí, dar teideal ‘Tuarascáil Bhliantúil 2019’. Ós rud é go raibh láimhdeachas an iarratasóra réasúnta cobhsaí le linn na tréimhse lena mbaineann, d’ainneoin dheonú na mbeart atá i gceist, is gnách go léirítear leis sin nach dócha go raibh éifeacht dhíobhálach shubstaintiúil ag na bearta sin ar a sheasamh ar an margadh lena mbaineann.

51 Sna himthosca sin, fiú ag glacadh leis gur thairbhigh Post Danmark i mí Dheireadh Fómhair 2017 de na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017 agus go raibh sé in iomaíocht leis an iarratasóir ar mhargadh na seirbhísí poist sa Danmhairg agus sna tíortha Nordacha, níor shuigh an t-iarratasóir gur dócha go ndéanfadh na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear i gComhaontú Dheireadh Fómhair 2017 difear suntasach dá staid iomaíoch. Dá bhrí sin, níor léirigh sí, mar a cheanglaítear leis an gcásdlí, go mbaineann an cinneadh atá faoi chonspóid léi go leithleach.

52 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, gan é a bheith riachtanach rialú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil baint dhíreach ag an iarratasóir leis, ní mór an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith neamh-inghlactha ar an bhforas nach bhfuil seasamh ag an iarratasóir chun imeachtaí a thionscnamh.

Costais

53 Faoi Airteagal 134(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis. Ós rud é nár éirigh leis an iarratasóir, ní mór a ordú dó a chostais féin a íoc agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún, Post Danmark agus PostNord Group a íoc, i gcomhréir leis na foirmeacha ordaithe atá á lorg acu.

54 Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 138(1) de na Rialacha Nós Imeachta, íocfaidh na Ballstáit agus na hinstitiúidí a rinne idiragairt sna himeachtaí a gcostais féin. Dá bhrí sin, ní mór do Ríocht na Danmhairge agus do Ríocht na Sualainne a gcostais féin a íoc.

55 De réir Airteagal 138(3) de na Rialacha Nós Imeachta, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a ordú d'idiragraí seachas iad siúd dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal sin a chostais féin a íoc. Sa chás seo, ní mór a rialú go n-íocfaidh UPS Europe agus Dansk Avis Omdeling, a rinne idiragairt chun tacú leis an ordú atá á lorg ag an iarratasóir, a gcostais féin.

Ar an bhforas sin dearbhaíonn agus ordaíonn,

AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Ceathrú Dlísheomra, Comhdhéanamh Méadaithe)

an méid seo a leanas:

1) Díbhtear don chaingean toisc í a bheith do-ghlactha.

2) Ordaítear do Danske Fragtmaend A/S a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach, Post Danmark A/S agus PostNord Group AB a íoc.

3) Ordaítear do Ríocht na Danmhairge, Ríocht na Sualainne, UPS Europe NV/SA agus Dansk Avis Omdeling A/S a gcostais féin a íoc.

Papasavvas da Silva Passos Póltorak

Reine Pynnä

Fógraíodh amhlaidh i gcúirt phoiblí i Lucsamburg, an 24 Eanáir 2025.

Sínithe